# CINNTÍ

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1311 ÓN gCOIMISIÚN

**an 30 Iúil 2021**

**maidir le Hrvatski Registar Brodova (Longchlár na Cróite) a aithint mar chumann aicmiúcháin le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(1) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú de bhun Airteagal 7 de Threoir 91/672/CEE ón gComhairle an 16 Nollaig 1991 maidir le deimhnithe náisiúnta máistrí báid chun earraí agus paisinéirí a iompar d'uiscebhealach intíre a aithint go cómhalartach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá iarratas curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an gCróit maidir le Hrvatski Registar Brodova (dá ngairtear 'HRB' anseo feasta) a aithint mar chumann aicmiúcháin i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/1629.

(2) Tá an fhaisnéis agus an doiciméadacht is gá curtha isteach ag an gCróit freisin le go mbeidh an Coimisiún in ann a sheiceáil go bhfuil na critéir maidir le haitheantas á gcomhlíonadh.

(3) Ós rud é go bhfuil mórchuid saineolais gnóthaithe ag an Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin maidir le riachtanais theicniúla a fhorbairt agus a nuashonrú i ndáil le soithí loingseoireachta intíre, agus chun forbairt ceanglas aonfhoirmeach sa réimse seo a chothú, d'iarr an Coimisiún ar Rúnaíocht an Lárchoimisiúin um Loingseoireacht ar an Réin tuarascáil a chur ar fáil a bheadh dírithe ar anailís theicniúil na sonraí a bhaineann leis an HRB a éascú.

(4) Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis agus ar an doiciméadacht a ghabhann leis an iarratas ar aitheantas, ar ina leith a chuir sé san áireamh an tuarascáil a d'ullmhaigh Rúnaíocht an Lárchoimisiúin um Loingseoireacht ar an Réin, chinn an Coimisiún go gcomhlíonann an HRB na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1629,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Aithnítear Hrvatski Registar Brodova mar chumann aicmiúcháin le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/1629.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 252, 16.9.2016, lch. 118.
([2]) IO L 373, 31.12.1991, lch. 29.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Iúil 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN